II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1656 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Meitheamh 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lotnaidicídí agus ceimiceáin thionsclaíocha a liostú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(4), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, cuirtear i bhfeidhm Coinbhinsiún Rotterdam maidir leis an Nós Imeachta um Thoiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin Ghuaiseacha agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta ([2]) ('Coinbhinsiún Rotterdam').

(2) Le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1379 ([3]) agus (AE) 2022/94 ([4]), chinn an Coimisiún gan formheas na substaintí famocsadón agus foismeit, faoi seach, a athnuachan mar shubstaintí gníomhacha faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Is é éifeacht an chinnidh sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid na substaintí famocsadón agus foismeit sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh iad le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Dá bhrí sin, ba cheart famocsadón agus foismeit a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 60.

([2]) IO L 63, 6.3.2003, lch. 29.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1379 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2021 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí famocsadón i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 297, 20.8.2021, lch. 32).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/94 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí foismeit, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 16, 25.1.2022, lch. 33).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

(3) Trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2081 ([6]), chinn an Coimisiún gan formheas na substainte iondocsacarb a athnuachan mar shubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Tá an cinneadh sin ina shrian mór ar úsáid na substainte sin ar leibhéal na catagóire 'lotnaidicídí' de bhrí, faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), nach bhformheastar úsáid iondocsacarb i dtáirgí bithicídeacha ach amháin le haghaidh chineál táirge 18 san fhochatagóir 'lotnaidicíd eile lena n-áirítear bithicídí'. Dá bhrí sin, ba cheart iondocsacarb a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/795 ([8]), chinn an Coimisiún an formheas ar an tsubstaint alfa-cipirmeitrin mar shubstaint ghníomhach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1107/2009 a tharraingt siar. Is é éifeacht an chinnidh sin go bhfuil toirmeasc ar alfa-cipirmeitrin a úsáid san fhochatagóir 'lotnaidicíd sa ghrúpa táirgí cosanta plandaí'. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe alfa-cipirmeitrine faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó an comhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart alfa-cipirmeitrin a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(5) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach brómaidé-ólón ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid brómaidé-ólóin san fhochatagóir 'lotnaidicíd sa ghrúpa táirgí cosanta plandaí'. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe brómaidé-ólóin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart brómaidé-ólón a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(6) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach meatam-sóidiam ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar gach úsáid meatam-sóidiam san fhochatagóir 'lotnaidicíd eile lena n-áirítear bithicídí'. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe na substainte sin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart meatam-sóidiam a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/782 ([10]), chinn an Coimisiún an formheas ar an tsubstaint isipiorasam mar shubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a tharraingt siar. Is é éifeacht an chinnidh sin go bhfuil toirmeasc ar gach úsáid isipiorasam sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh é le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Dá bhrí sin, ba cheart isipiorasam a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2081 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2021 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí iondocsacarb, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 426, 29.11.2021, lch. 28).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/795 ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2021 lena dtarraingeofar siar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach alfa-cipirmeitrin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún(IO L 174, 18.5.2021, lch. 2).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/782 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 lena dtarraingítear siar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach isipiorasam i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1037/2012 ón gCoimisiún (IO L 140, 19.5.2022, lch. 3).

(8) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach dé-úrón ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Is é éifeacht na tarraingthe siar go bhfuil úsáid dé-úróin an-teoranta ar leibhéal na catagóire 'lotnaidicídí' de bhrí, faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, nach gceadaítear úsáid dé-úróin i dtáirgí bithicídeacha ach amháin le haghaidh chineáil táirge 7 agus 10 san fhochatagóir 'lotnaidicíd eile lena n-áirítear bithicídí'. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe dé-úróin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart dé-úrón a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(9) Tharraing an tionscal siar ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 na substaintí gníomhacha asamsulfúrón, cairbeataimíd, carbocsain, cioppróconasól, eitimeatsulfúrón-meitil, eitrídhé-asól, feinabúconasól, flucuineonasól, lúifeanúrón, meatasulam, míoclóbútainil, peinciocúrón, próclóras, prófocsaidim, spiridhéchlóifein agus trífhlumasól. Is é éifeacht na tarraingthe siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid na substaintí sin sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh iad le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe na substaintí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol iad na substaintí sin. Dá bhrí sin, ba cheart a substaintí sin a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(10) Le Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2018/622 ([11]), (AE) 2020/1765 ([12]) agus (AE) 2021/98 ([13]), chinn an Coimisiún gan na substaintí clóraiféin agus eisbitrin a fhormheas mar shubstaintí gníomhacha faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é éifeacht an chinnidh sin go bhfuil toirmeasc ar gach úsáid clóraiféine agus eisbitrine sa chatagóir 'lotnaidicídí', ós rud é nár formheasadh na substaintí sin le haghaidh aon úsáid eile sa chatagóir sin. Dá bhrí sin, ba cheart clóraiféin agus eisbitrin a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(11) Tharraing an tionscal siar an tsubstaint ghníomhach feanocsacarb ó na próisis formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é éifeacht na dtarraingtí siar sin go bhfuil toirmeasc ar úsáid feanocsacarb sa chatagóir 'lotnaidicídí'. Ina theannta sin, aicmiú comhchuibhithe feanocsacarb faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá an t-aicmiú sin ina fhianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin. Dá bhrí sin, ba cheart feanocsacarb a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(12) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/172 ón gCoimisiún ([14]), cuireadh an tsubstaint trífhlumúrón leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, bunaithe ar thoirmeasc san fhochatagóir 'lotnaidicíd eile lena n-áirítear bithicídí'. Ina theannta sin, tharraing an tionscal an tsubstaint ghníomhach trífhlumúrón siar ón bpróiseas formheasa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus tá conclúidí an mheasúnaithe riosca faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ina bhfianaise leordhóthanach gur údar imní maidir le sláinte an duine nó leis an gcomhshaol atá sa tsubstaint sin, rud atá ina thoirmeasc san fhochatagóir 'lotnaidicíd sa ghrúpa táirgí cosanta plandaí'. Dá bhrí sin, tá toirmeasc ar gach úsáid trífhlumúróin sa chatagóir 'lotnaidicídí' agus ba cheart é a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(13) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1078/2014 ón gCoimisiún ([15]), cuireadh an tsubstaint ciafluitrin leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, bunaithe ar thoirmeasc san fhochatagóir 'lotnaidicíd sa ghrúpa táirgí cosanta plandaí'. Tá an toirmeasc sin ina shrian mór ar úsáid na substainte sin ar leibhéal na catagóire 'lotnaidicídí' de bhrí, faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 nach bhformheastar úsáid ciafluitrine i dtáirgí bithicídeacha ach amháin le haghaidh chineál táirge 18 san fhochatagóir 'lotnaidicíd eile lena n-áirítear bithicídí'. Dá bhrí sin, ba cheart ciafluitrin a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

([11]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/622 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2018 gan clóraiféin a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 3 (IO L 102, 23.4.2018, lch. 80).

([12]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1765 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 gan clóraiféin a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 2 (IO L 397, 26.11.2020, lch. 24).

([13]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/98 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2021 gan eisbitrin a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 (IO L 31, 29.1.2021, lch. 214).

([14]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/172 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2017 lena leasaítear Iarscríbhinní I agus V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú (IO L 32, 6.2.2018, lch. 6).

([15]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1078/2014 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2014 lena n-aisghairtear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú (IO L 297, 15.10.2014, lch. 1).

(14) Níl na substaintí clóirfeinveanfos agus tearbúfos formheasta mar shubstaintí gníomhacha faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus níl na substaintí sin formheasta mar shubstaintí gníomhacha faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Dá bhrí sin, tá toirmeasc ar gach úsáid clóirfeinveanfos agus tearbúfos sa chatagóir 'lotnaidicídí' agus ba cheart iad a liostú i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Ós rud é go liostaítear clóirfeinveanfos agus tearbúfos cheana i gCuid 1 cheana ba cheart iad a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(15) Na substaintí 1-brómaprópán, taláit dé-isipeintile, aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistir ailcile dé-C6-8 bhrianseacha, ar mhórán C7, aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistir ailcile di-C7-11 bhrianseacha agus líneacha, aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, dépheintileistear, brainseach agus líneach, taláit bhis(2-meitocsa-eitil), taláit dépheintile agus taláit n-peintil-isipeintile, liostaítear na substaintí sin in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) ós rud é gur sainaithníodh iad roimhe sin mar shubstaintí arb údar mór imní iad. Dá thoradh sin, tá na substaintí sin faoi réir a n-údaraithe i gcomhréir le Teideal VII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Ós rud é nár deonaíodh aon údarú, tá srian mór ar na substaintí sin le haghaidh úsáid thionsclaíoch. Dá bhrí sin, ba cheart a substaintí sin a chur le liostaí na gceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(16) Ag a deichiú cruinniú a tionóladh ón 6 go dtí an 17 Meitheamh 2022, chinn Comhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Rotterdam éitear deacabrómaidhéfheinile agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara, a áireamh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, rud a d'fhág na ceimiceáin sin faoi réir an nós imeachta um thoiliú feasach a chur in iúl roimh ré faoin gCoinbhinsiún sin. Dá bhrí sin, ba cheart na ceimiceáin sin a chur leis an liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012. Ós rud é go liostaítear cheana féin éitear deacabrómaidhéfheinile agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, ba cheart na ceimiceáin sin a bhaint den liosta ceimiceán a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012.

(17) Ba cheart na hiontrálacha maidir le brómocsainil, eapocsaconasól agus eatocsaláití naoinilfeanóil a áirítear sna liostaí ceimiceán a leagtar amach i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a leasú tríd an raon feidhme a shoiléiriú nó trí aitheantóirí uimhriúla breise a chur leo d'fhonn cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 a éascú.

(18) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 a leasú dá réir.

(19) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnach a thabhairt do pháirtithe leasmhara chun na bearta is gá a dhéanamh chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus do na Ballstáit chun na bearta is gá a dhéanamh chun é a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([16]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus lena gcruthaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

Beidh feidhm aige ón 1 Samhain 2023 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 mar a leanas:

(1) i gCuid 1, sa tábla, cuirtear na hiontrálacha a leanas léi:

Ceimiceán	Uimh. CAS	Uimh. CE	Cód AC(***)	Fochatagóir (*)	Teorainn ar úsáid (**)	Tíortha nach n-éilítear aon fhógra ina leith
'1-Brómaprópán (bróimíd n-próipile) (†)	106-94-5	203-445-0	ex 2903 69 19	i(1)-i(2)	sr-b	
Aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistir ailcile dé-C6-8 bhrianseacha, ar mhórán C7 (†)	71888-89-6	276-158-1	ex 2917 34 00	i(1)-i(2)	sr-b	
Aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistir ailcile dé-C7-11 bhrianseacha agus líneacha (†)	68515-42-4	271-084-6	ex 2917 34 00	i(1)-i(2)	sr-b	
Aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistear dépheintile, brainseach agus líneach (†)	84777-06-0	284-032-2	ex 2917 34 00	i(1)-i(2)	sr-b	
Alfa-cipirmeitrin	67375-30-8		ex 2926 90 70	p(1)	b	
Asamsulfúrón (†)	120162-55-2		ex 2935 90 90	p(1)	b	
Taláit bhis (2-meitocsa-eitil) (†)	117-82-8	204-212-6	ex 2917 34 00	i(1)-i(2)	sr-b	
Brómaidé-ólón	28772-56-7	249-205-9	ex 2932 20 90	p(1)	b	
Cairbeataimíd (†)	16118-49-3	240-286-6	ex 2924 29 70	p(1)	b	
Carbocsain (†)	5234-68-4	226-031-1	ex 2934 99 90	p(1)	b	
Clóraiféin (†)	120-32-1	204-385-8	ex 2908 19 00	p(2)	b	
Ciopróconasól (†)	94361-06-5		ex 2933 99 80	p(1)	b	
Taláit dé-isipeintile (†)	605-50-5	210-088-4	ex 2917 34 00	i(1)-i(2)	sr-b	
Taláit dépheintile (†)	131-18-0	205-017-9	ex 2917 34 00	i(1)-i(2)	sr-b	
Dé-úrón (†)	330-54-1	206-354-4	ex 2924 21 00	p(1)	b	

Eisbitrin (*)	260359-57-7		ex 2916 20 00	p(2)	b	
Eitimeatsulfúrón-meitil (*)	97780-06-8		ex 2935 90 90	p(1)	b	
Eitrídhé-asól (*)	2593-15-9	219-991-8	ex 2934 99 90	p(1)	b	
Famocsadón (*)	131807-57-3		ex 2934 99 90	p(1)	b	
Feanbúconasól (*)	114369-43-6	406-140-2	ex 2933 99 80	p(1)	b	
Feanocsacarb (*)	72490-01-8	276-696-7	ex 2924 29 70	p(1)-p(2)	b-b	
Flucuineonasól (*)	136426-54-5	411-960-9	ex 2933 59 95	p(1)	b	
Iondocsacarb (*)	173584-44-6 144171-61-9		ex 2934 99 90	p(1)	b	
Isipiorasam (*)	881685-58-1		ex 2933 19 90	p(1)	b	
Lúifeanúrón (*)	103055-07-8	410-690-9	ex 2924 21 00	p(1)	b	
Meatam-sóidiam	137-42-8	205-293-0	ex 2930 20 00	p(2)	b	
Meatasulam (*)	139528-85-1	410-240-1	ex 2935 90 30	p(1)	b	
Míoclóbútainil (*)	88671-89-0	410-400-0	ex 2933 99 80	p(1)	b	
taláit n-peintil-isipeintile (*)	776297-69-9		ex 2917 34 00	i(1)-i(2)	sr-b	
Peinciocúrón (*)	66063-05-6	266-096-3	ex 2924 21 00	p(1)	b	
Foismeit (*)	732-11-6	211-987-4	ex 2930 90 98	p(1)	b	
Próclóras (*)	67747-09-5	266-994-5	ex 2933 29 90	p(1)	b	
Prófocsaidim (*)	139001-49-3		ex 2934 99 90	p(1)	b	
Spiridhéchlóifein (*)	148477-71-8		ex 2932 20 90	p(1)	b	
Tríthlumasól (*)	68694-11-1		ex 2933 29 90	p(1)	b’	

(2) i gCuid 1, sa tábla, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha maidir le héitear bis (peinteabrómaifeinil), brómocsainil, clóirfeinveanfos, ciafluitrin, eapocsaconasól, eatocsaláití naoinilfeanóil, aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara, tearbúfos agus trífhlumúrón:

Ceimiceán	Uimh. CAS	Uimh. CE	Cód AC(***)	Fochatagóir (*)	Teorainn ar úsáid (**)	Tíortha nach n-éilítear aon fhógra ina leith
'Éitear bis (peinteabrómaifeinil) (éitear deacabrómaidhéfheinile) (#)	1163-19-5	214-604-9	ex 2909 30 38	i(1)-i(2)	sr-b	
Brómocsainil agus a heistir bhútairile, heipteanóile agus ochtánóile (+)	1689-84-5 3861-41-4 56634-95-8 1689-99-2	216-882-7 223-374-9 260-300-4 216-885-3	ex 2926 90 70	p(1)	b	
Clóirfeinveanfos (+)	470-90-6	207-432-0	ex 2919 90 00	p(1)-p(2)	b-b	
Ciafluitrin (+)	68359-37-5	269-855-7	ex 2926 90 70	p(1)	b	
Eapocsaconasól (+)	135319-73-2 133855-98-8	406-850-2	ex 2934 99 90	p(1)	b	
Eatocsaláití naoinilfeanóil $(C_2H_4O)_nC_{15}H_{24}O$ (+)	9016-45-9 26027-38-3 68412-54-4 37205-87-1 127087-87-0 agus eile	500-024-6 500-045-0 500-209-1 932-337-2 500-315-8 agus eile	ex 3402 42 00 ex 3907 29 11 ex 3824 99 92	i(1)-i(2) p(1)-p(2)	sr-sr b-b	
Aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara (#)	335-67-1 agus eile	206-397-9 agus eile	ex 2915 90 70	i(1)-i(2)	sr-b	
Tearbúfos (+)	13071-79-9	235-963-8	ex 2930 90 98	p(1)-p(2)	b-b	
Trífhlumúrón (+)	64628-44-0	264-980-3	ex 2924 21 00	p(1)-p(2)	b-b'	

(3) i gCuid 2, sa tábla, cuirtear na hiontrálacha a leanas léi:

Ceimiceán	Uimh. CAS	Uimh. CE	Cód AC(***)	Catagóir (*)	Teorainn ar úsáid (**)
'1-brómaprópán (bróimíd n-próipile)	106-94-5	203-445-0	ex 2903 69 19	i	sr
Aigéad 1,2-beinséindécharbocsaileach, eistir ailcile dé-C6-8 bhrianseacha, ar mhórán C7	71888-89-6	276-158-1	ex 2917 34 00	i	sr

Aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistir ailcile dé-C7-11 bhrianseacha agus líneacha	68515-42-4	271-084-6	ex 2917 34 00	i	sr
Aigéad 1,2-beinséin-décharbocsaileach, eistear dépheintile, brainseach agus líneach	84777-06-0	284-032-2	ex 2917 34 00	i	sr
Asamsulfúrón	120162-55-2		ex 2935 90 90	p	b
Taláit bhis(2-meitocsa-eitil)	117-82-8	204-212-6	ex 2917 34 00	i	sr
Cairbeataimíd	16118-49-3	240-286-6	ex 2924 29 70	p	b
Carbocsain	5234-68-4	226-031-1	ex 2934 99 90	p	b
Clóirfeinveanfos	470-90-6	207-432-0	ex 2919 90 00	p	b
Clóraiféin	120-32-1	204-385-8	ex 2908 19 00	p	b
Ciafluitrin	68359-37-5	269-855-7	ex 2926 90 70	p	sr
Ciopróconasól	94361-06-5		ex 2933 99 80	p	b
Taláit dé-isipeintile	605-50-5	210-088-4	ex 2917 34 00	i	sr
Taláit dépheintile	131-18-0	205-017-9	ex 2917 34 00	i	sr
Dé-úrón	330-54-1	206-354-4	ex 2924 21 00	p	sr
Eisbitrin	260359-57-7		ex 2916 20 00	p	b
Eitimeatsulfúrón-meitil	97780-06-8		ex 2935 90 90	p	b
Eitrídhé-asól	2593-15-9	219-991-8	ex 2934 99 90	p	b
Famocsadón	131807-57-3		ex 2934 99 90	p	b
Feanbúconasól	114369-43-6	406-140-2	ex 2933 99 80	p	b
Feanocsacarb	72490-01-8	276-696-7	ex 2924 29 70	p	b
Flucuineonasól	136426-54-5	411-960-9	ex 2933 59 95	p	b
Iondocsacarb	173584-44-6 144171-61-9		ex 2934 99 90	p	sr
Isipiorasam	881685-58-1		ex 2933 19 90	p	b
Lúifeanúrón	103055-07-8	410-690-9	ex 2924 21 00	p	b
Meatasulam	139528-85-1	410-240-1	ex 2935 90 30	p	b
Míoclóbútainil	88671-89-0	410-400-0	ex 2933 99 80	p	b
taláit n-peintil-isipeintile	776297-69-9		ex 2917 34 00	i	sr
Peinciocúrón	66063-05-6	266-096-3	ex 2924 21 00	p	b

Foismeit	732-11-6	211-987-4	ex 2930 90 98	p	b
Próclóras	67747-09-5	266-994-5	ex 2933 29 90	p	b
Prófocsaidim	139001-49-3		ex 2934 99 90	p	b
Spiridhéchlóifein	148477-71-8		ex 2932 20 90	p	b
Tearbúfos	13071-79-9	235-963-8	ex 2930 90 98	p	b
Trífhlumasól	68694-11-1		ex 2933 29 90	p	b
Trífhlumúrón	64628-44-0	264-980-3	ex 2924 21 00	p	b’

(4) i gCuid 2, sa tábla, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann le brómocsainil, eapocsaconasól agus eatocsaláití naoinilfeanóil:

Ceimiceán	Uimh. CAS	Uimh. CE	Cód AC(***)	Catagóir (*)	Teorainn ar úsáid (**)
‘Brómocsainil agus a heistir bhútairile, heipteanóile agus ochtánóile	1689-84-5 3861-41-4 56634-95-8 1689-99-2	216-882-7 223-374-9 260-300-4 216-885-3	ex 2926 90 70	p	b
Eapocsaconasól	135319-73-2 133855-98-8	406-850-2	ex 2934 99 90	p	b
Eatocsaláití naoinilfeanóil $(C_2H_4O)_nC_{15}H_{24}O$	9016-45-9 26027-38-3 68412-54-4 37205-87-1 127087-87-0 agus eile	500-024-6 500-045-0 500-209-1 932-337-2 500-315-8 agus eile	ex 3402 42 00 ex 3907 29 11 ex 3824 99 92	i p	sr b’

(5) i gCuid 2, sa tábla, scriostar na hiontrálacha a leanas:

Ceimiceán	Uimh. CAS	Uimh. CE	Cód AC(***)	Catagóir (*)	Teorainn ar úsáid (**)
‘Éitear bis (peinteabrómaifeinil)	1163-19-5	214-604-9	ex 2909 30 38	i(1)-i(2)	sr-b
Aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara	335-67-1 agus eile	206-397-9 agus eile	ex 2915 90 70 agus eile	i(1)-i(2)	sr-b’

(6) i gCuid 3, sa tábla, cuirtear na hiontrálacha a leanas léi:

Ceimiceán	Uimhir nó uimhreacha CAS ábhartha	Cód HS Substaint íon (**)	Cód HS Meascáin ina bhfuil substaint (**)	Catagóir
‘Éitear bis(peinteabrómaifeinil) (éitear deacabrómaidhéfheinile)	1163-19-5	2909.30	3824.99	Den chineál tionsclaíoch
Aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara	335-67-1 agus eile	2915.90 agus eile		Den chineál tionsclaíoch’